2026/2271

12.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2271 ÓN gCOMHAIRLE

an 9 Deireadh Fómhair 2026

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1716 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 14 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2019/1716.

(2) Rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, ba cheart an ráiteas ar chúiseanna maidir le duine nádúrtha amháin a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 9 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. HARRIS

([1]) IO L 262, 15.10.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1716/oj.

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716, faoin teideal ‘A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 2’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 4:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘4.	Néstor MONCADA LAU	Dáta breithe: 2.3.1954 Inscne: fireann	Comhairleoir pearsanta de chuid Uachtarán Nicearagua maidir le cúrsaí slándála náisiúnta go dtí 2025. Ina cháil sa ról sin, bhí baint dhíreach aige, ó Aibreán 2018 ar aghaidh, le cinnteoireacht maidir le hábhair slándála náisiúnta agus bunú na mbeartas cur faoi chois a rinne Stát Nicearagua i gcoinne daoine a ghlac páirt i léirsithe, ionadaithe freasúra agus iriseoirí i Nicearagua, agus bhí sé freagrach as an gcinnteoireacht agus as an mbunú beartas sin.	4.5.2020’.